BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Cúigiú Dlísheomra)

2 Iúil 2025 *

(An Státseirbhís – Oifigigh – Pinsean scoir – Athchóirithe 2004 agus 2014 ar na Rialacháin Foirne – Bearta idirthréimhseacha a bhaineann le sonraí áirithe agus cearta pinsin á ríomh – Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne – Baill foirne ar conradh a tháinig chun bheith ina n-oifigigh – Ráta bliantúil fála cearta pinsin – Aois scoir – Raon feidhme an dlí – Cóir chomhionann)

I gCás T-131/24,

**CR**, arna ionadú ag S. Orlandi, abhcóide,

iarratasóir,

v

**an Coimisiún Eorpach**, arna ionadú ag A. Baeckelmans, M. Brauhoff agus G.Niddam, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

le tacaíocht ó

**Pharlaimint na hEorpa**, arna hionadú ag S. Bukšek Tomac agus M. Mão Cheia Carreira, i gcáil Gníomhairí,

agus ag

**Comhairle an Aontais Eorpaigh**, arna hionadú ag M. Bauer, J. Rurarz agus X. Chamodraka, i gcáil Gníomhairí,

idiragraithe,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: J. Svenningsen, Uachtarán, C. Mac Eochaidh (Rapóirtéir) agus J. Laitenberger, Breithiúna,

Cláraitheoir: L. Ramette, Riarthóir,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

i dtaca le héisteacht an 14 Eanáir 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

## Breithiúnas

1 Trína caingean faoi Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 4 Bealtaine 2023 lena ndiúltaítear dá hiarratas ar phinsean scoir ('an cinneadh atá faoi chonspóid') ar neamhní.

### An dlí lena mbaineann

2 Roimh an 1 Bealtaine 2004, foráladh le hAirteagal 77 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ('na Rialacháin Foirne'), *inter alia*, go raibh aon oifigeach a raibh 10 mbliana seirbhíse ar a laghad caite aige i dteideal pinsin scoir, ó 60 bliain d'aois, go raibh an ráta bliantúil chun cearta pinsin a fháil do gach bliain seirbhíse 2 % den bhuntuarastal deiridh a bhaineann leis an ngrád deireanach inar aicmíodh an t-oifigeach ar feadh bliain amháin ar a laghad ('an buntuarastal deireanach') agus gur socraíodh uasmhéid an phinsin scoir sin ag 70 % den bhuntuarastal deiridh sin. Thairis sin, rinneadh tagairt in Airteagal 39 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ('Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile') d'Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne maidir le cearta pinsin scoir na mball foirne sealadaí.

3 Ón 1 Bealtaine 2004, rinneadh Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile a leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 ón gComhairle an 22 Márta 2004 (IO 2004 L 124, lch. 1; 'athchóiriú 2004').

4 I gcomhthéacs athchóiriú 2004, leasaigh reachtóir an Aontais Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne, *inter alia*, tríd an aois scoir a ardú go 63 agus tríd an ráta bliantúil maidir le cearta pinsin a fháil a shocrú ag 1.9 % den bhuntuarastal deiridh do gach bliain seirbhíse. Coinníodh an teorainn 70 % den bhuntuarastal deiridh. Bhí feidhm ag an athchóiriú sin freisin maidir le baill foirne shealadacha chomh maith le catagóir nua ball foirne, eadhon baill foirne ar conradh (Airteagail 39 agus 109 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile).

5 Ón 1 Eanáir 2014, leasaíodh na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 (IO 2013 L 287, lch. 15; 'athchóiriú 2014').

6 I gcomhthéacs athchóiriú 2014, leasaigh reachtóir an Aontais Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne arís, *inter alia*, tríd an aois scoir a ardú go 66 agus trí ráta bliantúil fála nua ceart pinsin de 1.8 % a shainiú. Coinníodh an teorainn 70 % den bhuntuarastal deiridh. Bhí feidhm ag an athchóiriú sin freisin maidir le baill foirne shealadacha chomh maith le baill foirne ar conradh (Airteagail 39 agus 109 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile).

7 De réir reachtóir an Aontais, bhí gá leis na leasuithe sin, a tugadh isteach le hathchóirithe 2004 agus 2014, chun comhardú achtúireach scéim pinsin institiúidí an Aontais Eorpaigh ('SPIAE') a áirithiú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, mar thoradh ar threochtaí déimeagrafacha agus

ar an athrú ar struchtúr aoise den daonra lena mbaineann, lenar forchuireadh ualach síormhéadaitheach ar an scéim sin (aithrisí 28 agus 29 de Rialachán Uimh. 723/2004; aithrisí 14 agus 15 de Rialachán Uimh. 1023/2013).

8 Thairis sin, cé gur fhéach athchóiriú 2004, go ginearálta, leis an smacht buiséadach a urramú (aithris 10 de Rialachán Uimh. 723/2004), bhí athchóiriú 2014 ina chuid de chomhthéacs socheacnamaíoch an-deacair tar éis géarchéim airgeadais nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, lenar ceanglaíodh, *inter alia*, ar gach riarachán poiblí an t-airgeadas poiblí a chomhdhlúthú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma (aithrisí 11 go 13 de Rialachán Uimh. 1023/2013).

9 Ina theannta sin, de mhaolú ar Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagail 39 agus 109 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, áirítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile bearta idirthréimhseacha d'oifigigh agus do ghníomhairí eile a bhí sa tseirbhís roimh theacht i bhfeidhm athchóiriú 2004 nó 2014.

10 Ghlac reachtóir an Aontais na forálacha idirthréimhseacha sin chun go bhféadfar na rialacha agus na bearta nua a chur chun feidhme de réir a chéile, gan dochar do chearta faighte agus d'ionchais dhlisteanacha na foirne atá ann cheana (aithrisí 29 agus 37 de Rialachán Uimh. 723/2004; aithrisí 14 agus 29 de Rialachán Uimh. 1023/2013).

11 Ar dtús, luaitear sa chéad mhír d'Airteagal 21 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne go bhfaigheann oifigeach a chuaigh isteach sa tseirbhís roimh an 1 Bealtaine 2004 2 %, seachas 1.8 %, dá bhuntuarastal deiridh in aghaidh na bliana seirbhís inphinsin. Cé go dtagann an fhoclaíocht atá ann faoi láthair as athchoiriú 2014, is í an fhoráil sin is bunús le hathchóiriú 2004 (mír 102 d'Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 723/2004).

12 Foráiltear leis an dara mír d'Airteagal 21 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne go bhfaighidh oifigeach a chuaigh isteach sa tseirbhís idir an 1 Bealtaine 2004 agus an 31 Nollaig 2013 1.9 %, seachas 1.8 %, dá bhuntuarastal deiridh in aghaidh na bliana de sheirbhís inphinsin. Cuireadh an fhoráil sin isteach le linn athchóiriú 2014 (Airteagal 1(73)(f) de Rialachán Uimh. 1023/2013).

13 Faoin dara fomhír go dtí an ceathrú fomhír d'Airteagal 22(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, níl aois scoir oifigigh a chuaigh isteach sa tseirbhís roimh an 1 Eanáir 2014 le socrú ag 66 bliana, ach tá sé le bheith idir 60 agus 65 bliana d'aois ag brath ar aois an oifigigh sin an 1 Bealtaine 2014. Cuireadh na forálacha sin isteach tráth athchóiriú 2014 (Airteagal 1(73)(g) de Rialachán Uimh. 1023/2013).

14 Thairis sin, chuir reachtóir an Aontais in iúl go raibh Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne infheidhme, de réir analaí, maidir le baill foirne eile atá i seirbhís an 30 Aibreán 2004 agus go raibh Airteagail 21 agus 22 den Iarscríbhinn sin, cé is moite de mhír 4 de, infheidhme, de réir analaí, maidir le baill foirne eile atá i seirbhís an 31 Nollaig 2013 (an chéad abairt agus an dara habairt d'Airteagal 1(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile).

15 Ar deireadh, foráiltear le hAirteagal 28(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialachán Foirne go mbeidh ball foirne sealadach a bhí faoi chonradh an 1 Bealtaine 2004 agus a gceapfar ina n-oifigigh tar éis an dáta sin agus roimh an 1 Eanáir 2014, nuair a scoirfidh na baill foirne sin, i

dteideal coigeartú achtúireach ar na cearta pinsin a fuair siad nuair a bhí siad ina baill foirne shealadacha, agus cuirfear san áireamh sa choigeartú sin an t-athrú ar a n-aois inphinsin dá dtagraítear in Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne. Cé go n-eascraíonn an fhoclaíocht atá ann faoi láthair as athchóiriú 2014, eascraíonn an fhoráil sin freisin as athchóiriú 2004 (mír 102 d'Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 723/2004).

16 Ar an gcaoi chéanna, foráiltear le hAirteagal 28(2) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialachán Foirne go mbeidh baill foirne shealadacha, ball foirne ar conradh nó ball foirne ar conradh le haghaidh cúraimí cúnta a bhí faoi chonradh an 1 Eanáir 2014 agus a gceapfar ina n-oifigigh tar éis an dáta sin, nuair a scoirfidh na baill foirne sin i dteideal coigeartú achtúireach ar na cearta pinsin a fuair siad nuair a bhí siad ina ball foirne sealadach nó ball foirne ar conradh agus cuirfear san áireamh sa choigeartú sin an t-athrú ar a n-aois inphinsin mar a thagraítear in Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne, i gcás go mbeidh siad 35 bliana d'aois ar a laghad an 1 Bealtaine 2014. Cuireadh na forálacha sin isteach tráth athchóiriú 2014 (Airteagal 1(73)(j) de Rialachán Uimh. 1023/2013).

17 Déantar na coigeartuithe achtúireacha dá dtagraítear i míreanna 15 agus 16 thuas a ríomh i gcomhréir leis na comhéifeachtaí a glacadh i gConclúid Uimh. 268/15 a ghlac Coláiste na gCeann Riaracháin an 25 Feabhra 2016 maidir le coigeartú achtúireach ar chearta arna bhfáil mar bhall foirne sealadach nó ar conradh (Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne).

## Cúlra na díospóide

18 An 16 Meitheamh 2012, chuaigh an t-iarratasóir isteach i seirbhís an Choimisiúin mar bhall foirne ar conradh.

19 An 16 Lúnasa 2015, ceapadh an t-iarratasóir mar oifigeach.

20 An 4 Bealtaine 2023, ghlac 'Oifig an Choimisiúin um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla' (PMO) an cinneadh atá faoi chonspóid. Chuir PMO in iúl don iarratasóir go raibh sí i dteideal pinsean scoir ón 1 Iúil 2023, ag 66 bliana d'aois. Chuir PMO in iúl dó freisin, ar feadh a thréimhse seirbhíse mar bhall foirne ar conradh (ón 16 Meitheamh 2012 go dtí an 15 Lúnasa 2015), gurbh é 1.9 % an ráta bliantúil fála a chearta pinsin agus, ar feadh a thréimhse seirbhíse mar oifigeach (an 16 Lúnasa 2015 go dtí an 30 Meitheamh 2023), gurbh é 1.8 % an ráta bliantúil fála cearta pinsin.

21 An 11 Bealtaine 2023, ar bhonn bhreithiúnas an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* (C-366/21 P, EU:C:2022:984) agus i bhfianaise go raibh sí cleamhnaithe le SPIAE agus gur rannchuidigh sí go leanúnach leis, d'iarr an t-iarratasóir ar PMO athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid, lenar socraíodh a haois scoir ag 63 bliana d'aois agus gur cuireadh an ráta bliantúil fála cearta pinsin 1.9 % i bhfeidhm maidir lena gairme iomlán. Ina theannta sin, ós rud é go raibh sí fós i mbun seirbhíse go dtí 66 bliana d'aois agus gur mheas sí gur cheart a haois scoir a bheith socraithe ag 63 bliana d'aois, rinne an t-iarratasóir iarratas ar mhéadú breise 2.5 % ar a buntuarastal deireanach le haghaidh gach ceann de na blianta a d'oibrigh sí tar éis 63 bliana d'aois.

22 An 15 Bealtaine 2023, chuir PMO in iúl don iarratasóir go bhféadfadh sí gearán a dhéanamh i gcás easaontais leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

23 An 1 Iúil 2023, chuaigh an t-iarratasóir ar scoir.

24 An 25 Iúil 2023, rinne an t-iarratasóir gearán in aghaidh an chinnidh atá faoi chonspóid.

25 An 30 Samhain 2023, dhiúltaigh an t-údarás ceapacháin don ghearán sin.

**Na hordaithe atá á lorg ag na páirtithe**

26 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

27 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don Choimisiún a chostais féin chomh maith le costais an iarratasóra a íoc.

28 Iarrann an Pharlaimint ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

29 Iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an gCúirt an chaingean a dhíbhe.

**An dlí lena mbaineann**

30 Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

***An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar raon feidhme an dlí***

31 Áitíonn an t-iarratasóir go ndearna PMO earráid dlí nuair a mheas sé go raibh Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne infheidhme maidir léi. Tar éis bhreithiúnais an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* (C-366/21 P, EU:C:2022:984), agus an 14 Nollaig 2018, *Torné* v *an Coimisiún* (T-128/17, EU:T:2018:969), ba cheart Airteagail 21 agus 22 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, seachas Airteagal 28 den Iarscríbhinn sin, a chur i bhfeidhm maidir le cás amhail cás an iarratasóra. Dá ndéanfaí Airteagail 21, 22 agus 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus an dá bhreithiúnas sin a léamh le chéile, bheadh raon feidhme Airteagal 28 teoranta do bhaill foirne sealadacha nó do bhaill foirne ar conradh a ceapadh mar oifigigh tar éis an 1 Bealtaine 2004 nó tar éis an 1 Eanáir 2014, a raibh briseadh ina gcleamhnas le SPIAE. Ós rud é nár stop an t-iarratasóir riamh de bheith ina baill de SPIAE, ní féidir léi teacht faoi raon feidhme Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Níl ach Airteagail 21 agus 22 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne infheidhme maidir lena cás.

32 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ón bParlaimint agus ón gComhairle, an argóint sin a dhíospóid.

33 Sa chás seo, tugann an Chúirt Ghinearálta dá haire nach bhfuil an ráta bliantúil fála cearta pinsin a úsáideann PMO do thréimhse fostaíochta an iarratasóra mar bhall foirne ar conradh, eadhon 1.9 %, mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, ach ar chur i bhfeidhm an dara mír d'Airteagal 21 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne i gcomhar leis an dara habairt d'Airteagal 1(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

34 Os a choinne sin, chuir PMO forálacha Airteagal 28(2) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne i bhfeidhm, ina dtagraítear d'Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne, maidir le haois scoir an iarratasóra, eadhon 66 bliain d'aois, agus an ráta bliantúil fála cearta pinsin a chomhfhreagraíonn dá tréimhse seirbhíse mar oifigeach, eadhon 1.8 %. Ina theannta sin, fuair an t-iarratasóir coigeartú achtúireach ar a cearta pinsin a fuarthas mar bhall foirne ar conradh. I gcomhréir le Conclúid Uimh. 268/15 (féach mír 17 thuas), chuir PMO comhéifeacht 1,152 i bhfeidhm maidir leis na cearta pinsin sin. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm na comhéifeachta sin, tháinig méadú 0,914 ar an ráta a cuireadh san áireamh agus a chearta pinsin á gcinneadh. Dá bhrí sin, is ionann an méadú sin agus síneadh 6 mhí a chur leis an tréimhse oibre a dhéanann an t-iarratasóir mar bhall foirne ar conradh.

35 Ní cháineann an t-iarratasóir ach gnéithe an chinnidh atá faoi chonspóid a bhfuil achoimre orthu i mír 34 den bhreithiúnas seo. Dar léi, ní mór d'Airteagal 21 agus d'Airteagal 22(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a gairm iomlán leis an Aontas Eorpach a rialú, lena n-áirítear a tréimhse seirbhíse mar oifigeach, agus bhí sí i dteideal dul ar scor ó 63 bliana d'aois. Dá bhrí sin, bhí PMO mícheart chun Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm maidir lena cás, ach, ina theannta sin, níor chuireadh forálacha Airteagal 22(1) den Iarscríbhinn sin i bhfeidhm maidir léi, de mhaolú ar Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne.

36 I ndáil leis sin, measann an Chúirt Ghinearálta go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 28(2) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Bhí sí ina ball foirne ar conradh idir an 16 Meitheamh 2012 agus an 15 Lúnasa 2015, ceapadh í mar oifigeach an 16 Lúnasa 2015 agus bhí sí os cionn 35 bliana d'aois an 1 Bealtaine 2014.

37 Cé go gcomhlíonann sí na coinníollacha sin, áitíonn an t-iarratasóir mar sin féin nach bhfuil feidhm ag Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne maidir léi, toisc nár stop sí riamh de bheith ina baill de SPIAE. De réir an iarratasóra, níl feidhm ag Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne ach amháin maidir le baill foirne shealadacha nó baill foirne ar conradh a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin agus a raibh, thairis sin, briseadh ina gcleamhnas le SPIAE sular ceapadh iad mar oifigigh.

38 Ní mór diúltú don argóint sin, ós rud é nach léir an coinníoll deireanach sin, eadhon briseadh ar chleamhnas le SPIAE, ó fhoclaíocht shoiléir Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Dá bhrí sin, chun seasamh le hargóint an iarratasóra, bheadh sé i gceist raon feidhme Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a theorannú trí choinníoll a chur leis nár leag reachtóir an Aontais síos.

39 De réir cásdlí socair, i gcás ina bhfuil brí forála de dhlí an Aontais soiléir óna foclaíocht féin, ní féidir le Cúirteanna an Aontais imeacht ón bhfoclaíocht sin (féach breithiúnais an 19 Deireadh Fómhair 2023, *Sad Trasporto Locale*, C-186/22, EU:C:2023:795, mír 22 agus an cásdlí a dá dtagraítear, agus an 29 Iúil 2024, *HDI Global agus MS Amlin Insurance*, C-771/22 agus C-45/23, EU:C:2024:644, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

40 Dá bhrí sin, chun a mheas go bhfuil cur i bhfeidhm forála de chuid na Rialachán Foirne faoi réir coinníoll nach bhfuil sainithe san fhoráil sin, bheadh sé ina léiriú *contra legem* ar an bhforáil sin, agus mar thoradh air sin ní féidir glacadh le léiriú den sórt sin (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnais an 17 Nollaig 2020, *De Masi agus Varoufakis* v *BCE*, C-342/19 P, EU:C:2020:1035, mír 36, agus an 8 Samhain 2023, *OA* v *an Pharlaimint*, T-39/22, nár foilsíodh, EU:T:2023:709, mír 69).

41 Tá an chonclúid sin níos láidre fós ós rud é nach bhfuil ag cúirteanna an Aontais Eorpaigh, ag féachaint do phrionsabail na cothromaíochta institiúidí agus do thabhairt na gcumhachtaí, mar a chumhdaítear in Airteagal 13(2) CAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2017, *an Coimisiún* v *an Chomhairle* (CMR-15), C-687/15, EU:C:2017:803, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear), maidir leis an gcumhacht maolú ar fhorálacha na Rialachán Foirne.

42 Ar deireadh, chomh maith leis na breithnithe a leagtar amach i míreanna 39 go 41 den bhreithiúnas seo, tá an coinníoll nár leag reachtóir an Aontais síos le hAirteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne contrártha freisin leis an gcásdlí socair ar dá réir nach mór forálacha idirthréimhseacha a léiriú go docht mar gheall ar a gcineál maolaithe agus a n-impleachtaí buiséadacha (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Nollaig 2018, *Torné* v *an Coimisiún*, T-128/17, EU:T:2018:969, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Dá bhrí sin, ní dhearna PMO earráid dlí agus é á mheas go raibh Airteagal 28(2) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne infheidhme maidir le staid an iarratasóra.

44 Ní dhéantar an chonclúid sin a neamhbhailiú le breithiúnais an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* (C-366/21 P, EU:C:2022:984) agus an 14 Nollaig 2018, *Torné* v *an Coimisiún* (T-128/17, EU:T:2018:969), arna gcur chun cinn ag an iarratasóir.

45 I mbreithiúnais an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* (C-366/21 P, EU:C:2022:984) agus an 14 Nollaig 2018, *Torné* v *an Coimisiún*, níor rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais ná an Chúirt Ghinearálta ar raon feidhme Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Níl aon chúis sna breithiúnais sin chun a léiriú go raibh sé beartaithe ag an gCúirt Bhreithiúnais nó ag an gCúirt Ghinearálta amhras a chaitheamh ar roghanna reachtóir an Aontais agus raon feidhme Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a leasú tríd é a fhorchoimeád ach do bhaill foirne shealadacha nó baill foirne ar conradh a bhí faoi chonradh an 1 Bealtaine 2004 nó an 1 Eanáir 2014 agus briseadh lena gcleamhnas le SPIAE sular ceapadh mar oifigigh iad.

46 I mbreithiúnais an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* (C-366/21 P, EU:C:2022:984), agus an 14 Nollaig 2018, *Torné* v *an Coimisiún* (T-128/17, EU:T:2018:969), ní dhearna an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta ach Airteagal 21 agus Airteagal 22(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 1(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, a léiriú agus a chur i bhfeidhm maidir le cásanna a thagann faoi raon feidhme na nAirteagal sin.

47 I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil forálacha na hIarscríbhinne sin infheidhme ach amháin maidir le hoifigigh, arna nglacadh ina n-aonar agus i gcomhréir le teideal Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún*, C-366/21 P, EU:C:2022:984, mír 65).

48 Ba cheart a shoiléiriú nach bhfuil feidhm de réir analaí ag Airteagal 21 agus Airteagal 22 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, cé is moite de mhír 4 de, maidir le ball foirne eile ach amháin trí Airteagal 1(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* C-366/21 P, EU:C:2022:984, míreanna 66 agus 80).

49 Dá bhrí sin, ar dtús, maidir le hoifigigh, foráiltear le hAirteagal 77 de na Rialacháin Foirne, sa leagan a eascraíonn as athchóiriú 2004, gurb é 1.9 %, i bprionsabal, an ráta bliantúil fála cearta pinsin agus go bhfuil an aois scoir socraithe ag 63 bliana d'aois. Foráiltear leis an Airteagal sin, sa leagan a eascraíonn as athchóiriú 2014, gurb é 1.8 %, i bprionsabal, an ráta bliantúil fála cearta pinsin agus go bhfuil an aois scoir socraithe ag 66.

50 Le hAirteagal 21 agus Airteagal 22(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa leagan a eascraíonn as athchóiriú 2004 agus sa leagan a eascraíonn as athchóiriú 2014, déantar maolú go sainráite ar gcóras ginearálta sin. Mar sin féin, de réir na foclaíochta an dá Airteagal sin, tá tairbhe an mhaolaithe sin teoranta do 'hoifigigh' a chuaigh isteach sa tseirbhís, faoi seach, maidir le hathchóiriú 2004, 'roimh' an 1 Bealtaine 2004 nó, maidir le hathchóiriú 2014, 'roimh' an 1 Eanáir 2014.

51 Cinneann an Chúirt Ghinearálta freisin nach dtagraíonn Airteagal 21 agus Airteagal 22(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne ach amháin do dháta 'dul i mbun seirbhíse', is é sin le rá, dáta dul i mbun seirbhís na hoifigigh, agus ní, mar is amhlaidh le hAirteagal 28 den Iarscríbhinn sin (féach míreanna 52 agus 53 thíos), go dtí a 'ceaptha'.

52 Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne do scéim speisialta le haghaidh 'oifigigh' a raibh 'conradh reatha' acu an 1 Bealtaine 2004 nó an 1 Eanáir 2014 agus ar oifigigh 'cheaptha' iad ina dhiaidh sin.

53 Dá bhrí sin, leagtar síos in Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne dhá choinníoll charnacha ar leith. Is é an chéad choinníoll ná dul i mbun seirbhíse mar bhall foirne, a bhí le tarlú tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2004 nó an 1 Eanáir 2014, ós rud é, ar cheann de na dátaí sin, go raibh ar an mball foirne sin conradh reatha a bheith aige. Is é an dara coinníoll ná ceapadh an bhaill foirne sin mar oifigeach, ar gá dó tarlú tar éis dó dul i mbun seirbhíse, ós rud é, de réir fhoclaíocht Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, nach mór an ceapachán sin a bheith déanta 'tar éis' a 1 Bealtaine 2004 nó 'tar éis' an 1 Eanáir 2014.

54 Dá bhrí sin, is léir ó léamh litriúil córasach ar Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 21, Airteagal 22(1) agus Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne go raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais leas Airteagal 21 agus Airteagal 22(1), arna nglacadh ina n-aonar, a fhorchoimeád do 'oifigigh' a 'chuaigh i mbun seirbhíse' sa cháil sin 'roimh' an 1 Bealtaine 2004 nó 'roimh' an 1 Eanáir 2014.

55 Os a choinne sin, cumhdaítear oifigigh a ‘ceapadh’ ‘tar éis’ an 1 Bealtaine 2004 nó ‘tar éis’ an 1 Eanáir 2014, le hAirteagal 28 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne má chuaigh siad i mbun a seirbhíse roimhe sin mar bhaill foirne shealadacha nó mar bhaill foirne ar conradh agus má bhí a gconradh i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2004 nó an 1 Eanáir 2014.

56 Ina dhiaidh sin, maidir leis na hoifigigh, cheadaigh reachtóir an Aontais, trí Airteagal 1(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, Airteagal 21 agus Airteagal 22(1) d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm de réir analaí maidir le baill foirne ‘i mbun seirbhíse’ nó ‘i bhfeidhm’ an 30 Aibreán 2004 nó an 31 Nollaig 2013.

57 Mar sin féin, ní bhaineann cur i bhfeidhm den sórt sin de réir analaí le hAirteagal 21 agus Airteagal 22(1) d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, de réir fhoclaíocht Airteagal 1(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, ach le baill foirne agus ní le hoifigigh (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* C-366/21 P, EU:C:2022:984, míreanna 66 agus 80).

58 Thairis sin, tá an réiteach sin comhsheasmhach le bunbhrí Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus an Iarscríbhinn a ghabhann leo, a thagraíonn go sainráite agus go heisiach do bhaill foirne. Dá bhrí sin, ní féidir le hoifigeach tairbhe a bhaint ó Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus an Iarscríbhinn a ghabhann leo.

59 Mar a tugadh faoi deara cheana i mír 52 den bhreithiúnas seo, ghlac reachtóir an Aontais Eorpaigh, mar sin féin, scéim speisialta, eadhon Airteagal 28 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, do bhaill foirne shealadacha nó do bhaill foirne ar conradh a raibh conradh acu an 1 Bealtaine 2004 nó an 1 Eanáir 2014 agus a ceapadh ina dhiaidh sin mar oifigigh.

60 Dá bhrí sin, cumhdaíodh cás an iarratasóra, maidir lena tréimhse seirbhíse mar bhall foirne ar conradh, ar dtús le cur i bhfeidhm comhcheangailte Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 109 de Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, mar a d’eascair as athchóiriú 2004. Idir an 1 Eanáir 2014 agus an 15 Lúnasa 2015, áfach, tháinig a cás faoi chur i bhfeidhm an dara mír d’Airteagal 21 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus an dara habairt d’Airteagal 1(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile. Faoi na forálacha sin, ba é 1.9 % an ráta bliantúil fála cearta pinsin dá thréimhse fostaíochta mar bhall foirne ar conradh.

61 Tá staid an iarratasóra, maidir lena tréimhse seirbhíse mar oifigeach, faoi réir chur i bhfeidhm comhcheangailte Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 28(2) d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne ón 16 Lúnasa 2015, mar a eascraíonn siad as athchóiriú 2014. Faoi na forálacha sin, is é 1.8 % an ráta bliantúil fála cearta pinsin don tréimhse sin agus socraítear a aois scoir ag 66 bliana. Ina theannta sin, déantar an méadú ar a haois scoir a chúiteamh ó thaobh airgeadais de trí choigeartú achtúireach a dhéanamh ar a cearta pinsin a fhaightear mar bhall foirne ar conradh (féach pointe 34 thuas).

62 Ní thagann na conclúidí sin salach ar na conclúidí a baineadh as míreanna 76 agus 80 de bhreithiúnas an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* (C-366/21 P, EU:C:2022:984). Ar dtús, tá staid an iarratasóra éagsúil le staid Picard. Bhí conradh nua sínithe ag Picard mar bhall foirne, ach ceapadh an t-iarratasóir mar oifigeach. Thairis sin, murab ionann agus an méid a chuir Picard ina choinne, agus gan beann ar athraíodh dualgais an iarratasóra go substaintiúil mar thoradh ar a ceapachán, níor chuir an cinneadh atá faoi chonspóid sa chás seo léi tairbhe na bhforálacha

idirthréimhseacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a ‘scaoileadh’. Mar a tugadh faoi deara i mír 61 thuas, tagann tréimhse seirbhíse an iarratasóra mar oifigeach faoi raon feidhme Airteagal 28 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

63 Ina dhiaidh sin, murab ionann agus an méid a éilíonn an t-iarratasóir, níor luaigh an Chúirt Bhreithiúnais gurbh é cleamhnas leanúnach le SPIAE an t-aon chritéar chun a chinneadh cé hé tairbhí na bhforálacha idirthréimhseacha a leagtar amach in Airteagail 21 agus 22 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Go deimhin, trí úsáid a bhaint as an dobhriathar ‘go háirithe’ i mír 76 de bhreithiúnas an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún* (C-366/21 P, EU:C:2022:984), luaigh an Chúirt Bhreithiúnais nach raibh ann ach critéar amháin i measc critéir eile. Ní mór an réiteach céanna a ghlacadh le haghaidh Airteagal 28 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, nach ndearna an Chúirt rialú maidir leis, áfach (féach mír 45 thuas), ós rud é go n-áirítear an tAirteagal sin, in éineacht le hAirteagail 21 agus 22 den Iarscríbhinn sin, i measc na bhforálacha idirthréimhseacha.

64 Mar is léir ó mhíreanna 54 agus 55 thuas, is critéir chun Airteagal 28 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm iad ball foirne a cheapadh mar oifigeach, tar éis an 1 Bealtaine 2004 nó tar éis an 1 Eanáir 2014, agus conradh a bheith aige ar cheann de na dátaí sin.

65 Ar mhaithe le hiomláine, tugann an Chúirt Ghinearálta faoi deara go bhféadfadh Airteagal 28 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a bheith infheidhme freisin más rud é gur bhris ball foirne a chleamhnas le SPIAE roimh athchóiriú 2004 nó roimh athchóiriú 2014, ar choinníoll go raibh conradh aige an 1 Bealtaine 2004 nó an 1 Eanáir 2014 agus gur ceapadh ina oifigeach é ina dhiaidh sin. Is é sin le rá, d’fhonn a chinneadh an bhfuil feidhm ag Airteagal 28 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, ní gá ach na coinníollacha a leagtar síos leis an Airteagal sin agus a mheabhraítear i mír 53 den bhreithiúnas seo a chomhlíonadh.

66 Ar deireadh, meabhraíonn an Chúirt Ghinearálta go léirítear leis na conclúidí a leagtar amach i míreanna 60 agus 61 den bhreithiúnas seo roghanna reachtóir an Aontais agus, i gcomhthéacs na gcúraimí a thugann údair na gConarthaí dó, nach faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, contrártha le hiarraidh an iarratasóra, maolú ar Airteagal 28 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne trí choinníoll nach ann dó faoi láthair a chur leis (féach míreanna 37 agus 43 thuas).

67 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí.

### *An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na córa comhionainne*

68 Mar mhalairt air sin, maíonn na hiarratasóirí pléadáil neamhdhleathachta ar an bhforas go sáraítear prionsabal na córa comhionainne le hAirteagal 28 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

69 I ndáil leis an méid sin, tá sé de cheanglas de réir phrionsabal na córa comhionainne nach mór gan cásanna inchomparáide a láimhseáil ar bhealach difriúil agus nach mór gan cásanna difriúla a láimhseáil ar an mbealach céanna ach amháin i gcás nach mbeidh bonn cirt leis an láimhseáil sin go hoibiachtúil (féach breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Dumitrescu agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais*, C-567/22 P à C-570/22 P, EU:C:2024:336, mír 67 agus an cásdlí dá dtagraítear).

70 D'fhonn a chinneadh an bhfuil sárú ar an bprionsabal sin nó nach bhfuil, ní mór, ábhar agus aidhm atá á shaothrú leis an bhforáil a chur san áireamh (féach breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Dumitrescu agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais*, C-567/22 P go C-570/22 P, EU:C:2024:336, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).

71 Thairis sin, maidir le hábhar a thagann faoi fheidhmiú cumhachta discréidí, amhail rialacha idirthréimhseacha a achtú chun aistriú cothrom ó sheanchóras faoi na Rialacháin Foirne go córas nua a áirithiú, ní sháraítear prionsabal na córa comhionainne ach amháin i gcás ina ndéanann reachtóir an Aontais idirdhealú ar bhealach treallach nó míchuí go follasach i ndáil leis an aidhm atá á shaothrú leis an reachtaíocht atá i gceist (breithiúnas an 14 Nollaig 2018, *GQ agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-525/16, EU:T:2018:964, mír 104 agus an cásdlí dá dtagraítear; féach freisin, chuige sin, breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Dumitrescu agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais*, C-567/22 P go C-570/22 P, EU:C:2024:336, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

72 Dá bhrí sin, de réir an chásdlí, ní mór don Chúirt Ghinearálta í féin a theorannú d'fhíorú an bhfuil an difríocht sa chóir treallach nó míchuí go follasach i bhfianaise chuspóir an leasa ghinearálta atá á shaothrú (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Márta 2021, *Álvarez y Bejarano agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-517/19 P agus C-518/19 P, EU:C:2021:240, míreanna 53 agus 54).

73 Os a choinne sin, i bhfianaise an athbhreithnithe bhreithiúnaigh theoranta sin, ní faoin gCúirt Ghinearálta atá sé a fhíorú an ndealraíonn sé go bhfuil sé míréasúnta do reachtóir an Aontais a mheas go bhféadfadh an difríocht sa chóir a bheith iomchuí agus riachtanach chun cuspóir an leasa ghinearálta atá á shaothrú a bhaint amach (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Iúil 2022, *an Coimisiún* v *VW agus páirtithe eile*, C-116/21 P go C-118/21 P, C-138/21 P agus C-139/21 P, EU:C:2022:557, mír 129, agus ordú an 22 Nollaig 2022, *an Coimisiún* v *KM* agus *an Chomhairle* v *an Coimisiún*, C-341/21 P agus C-357/21 P, EU:C:2022:1042, mír 64).

74 Is i bhfianaise an chásdlí sin a dhéanfaidh an Chúirt Ghinearálta scrúdú ar an dá chuid den dara saincheist dlí.

*An chéad chuid den dara saincheist dlí*

75 Áitíonn an t-iarratasóir go sáraítear le hAirteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne prionsabal na córa comhionainne trí dhéileáil ar bhealach éagsúil le catagóirí daoine i gcásanna inchomparáide. Mar thoradh ar a ceapachán mar oifigeach amháin agus nuair nár stop sí riamh de bheith ina bhall de SPIAE, chaithfí leis an iarratasóir ar bhealach nach mbeadh chomh maith céanna agus a chaithfí léi dá mbeadh sí ina ball foirne sealadach, seachas ina hoifigeach, nó dá bhfanfadh sí ina ball foirne ar conradh. Ina theannta sin, deir an t-iarratasóir gur bhain an Pharlaimint úsáid, ar feadh níos mó ná 5 bliana, as an léamh céanna dá cuid féin in Airteagal 21, Airteagal 22(1) agus Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

76 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ón bParlaimint agus ón gComhairle, an argóint sin a dhíospóid.

77 I ndáil leis sin, maidir le hinchomparáideacht cásanna, tá sé ráite ag an gCúirt cheana féin go mbunaítear leis na Rialacháin Foirne agus le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile comhscéim pinsin d'oifigigh agus do bhaill foirne eile, eadhon SPIAE. I bhfianaise na tagartha a dhéantar in Airteagal 39(1) agus in Airteagal 109(1) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach

Eile do na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil 3 de Theideal V de na Rialacháin Foirne, déanann baill foirne shealadacha agus baill foirne ar conradh ranníocaíocht freisin, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 83(2) de na Rialacháin Foirne (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún*, C-366/21 P, EU:C:2022:984, míreanna 77 agus 78).

78 Dúirt an Chúirt freisin, áfach, go raibh difríochtaí idir oifigigh agus baill foirne eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 2022, *Picard* v *an Coimisiún*, C-386/21 P, EU:C:2022:984, mír 69).

79 Maidir leis an bpointe sin, meabhraíonn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil dearbhú ag oifigigh, i bprionsabal, gur féidir leo a bheith i seirbhís an Aontais Eorpaigh go dtí aois scoir. Is in imthosca eisceachtúla amháin, amhail saoire ar fhorais phearsanta, má thógtar í ag deireadh a ngairm, saoire ar mhaithe leis an tseirbhís, éirí as dheonach, éirí as éigeantach, scor ar mhaithe leis an tseirbhís, dífhostú mar gheall ar neamhinniúlacht, dífhostú, bás agus scor éigeantach mar gheall ar bhuaneasláine, go dtagann deireadh lena ndualgais sula mbaineann siad aois scoir amach (Airteagail 40, 42c, 47 go 51 agus 53 de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 9(1)(h) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne).

80 Os a choinne sin, mar riail ghinearálta, agus mar a aithníonn an t-iarratasóir féin, níl fostaíocht chobhsaí den sórt sin ag baill foirne. De réir cásdlí socair, tá fad an chaidrimh fostaíochta idir institiúid agus ball foirne atá fostaithe ar feadh tréimhse socraithe á rialú ag na coinníollacha a leagtar síos sa chonradh arna thabhairt i gcrích idir na páirtithe. Ina theannta sin, tá lánrogha leathan ag an riarachán maidir le cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar an conradh a athnuachan (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Nollaig 2022, *SU* v *AEAPP*, T-296/21, EU:C:2022:808, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, is le tabhairt i gcrích conartha tréimhse éiginnte amháin a chruthaítear nasc níos seasmhaí agus níos teoranta idir an institiúid agus an ball foirne lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Samhain 2022, *QW* v *Europol* T-164/21, EU:T:2022:695, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear).

81 Dá bhrí sin, i bhfianaise an tréimhse níos faide san Aontas de ghnáth, ach freisin mar gheall ar an dul chun cinn uathoibríoch i gcéim agus ar na harduithe céime a fhaigheann siad, is iondúil go sroicheann oifigigh, ag deireadh a ngairm, gráid agus céimeanna níos airde ná na céimeanna a bhaineann baill foirne amach. De ghnáth nuair a bhíonn grádú níos airde ag oifigigh, bíonn luach saothair níos airde ag gabháil leis ná an luach saothair a bhíonn ag formhór na mball foirne, ós rud é go bhfuil an luach saothair sin nasctha go díreach leis an ngrád agus leis an gcéim.

82 Tá an dara pointe cinntitheach sa chás seo, ós rud é, agus méid an phinsin scoir oifigigh nó baill foirne eile á ríomh, nach gcuirtear san áireamh ach a bhuntuarastal deiridh (féach míreanna 4 go 16 thuas).

83 Thairis sin, ní bhraitheann méid an phinsin scoir go heisiach ar an mbuntuarastal deireanach. Braitheann an méid sin freisin ar fhad seirbhíse an oifigigh nó an baill foirne eile, ós rud é go bhfaigheann sé nó sí, le haghaidh gach bliana seirbhíse, 1.8 %, 1.9 % nó 2 % dá bhuntuarastal deiridh (féach míreanna 4 go 16 thuas). Go meicniúil, a mhéid a bhíonn tréimhse seirbhíse níos faide ag oifigigh de ghnáth ná mar a bhíonn ag baill foirne, faigheann siad níos mó blianta seirbhíse inphinsin ná an tréimhse seirbhíse inphinsin.

84 I bhfianaise na ndifríochtaí oibiachtúla sin, agus le tacaíocht ón gCoimisiún, ón bParlaimint agus ón gComhairle, is gá gur mó an tionchar foriomlán a bheidh ag athchóirithe 2004 agus 2014 ar bhuiséad an Aontais i ndáil le pinsin na n-oifigeach ná i ndáil le pinsin seirbhíseach eile.

85 Sna himthosca sin, ag féachaint don chuspóir comhardú achtúireach SPIAE a chaomhnú, gan dochar a dhéanamh do chearta faighte ná d'ionchais dhlisteanacha na foirne atá ann cheana (Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Pikamäe in *Picard* v *an Coimisiún*, C-366/21 P, EU:C:2022:582, míreanna 44 agus 51), chomh maith le cuspóirí níos ginearálta an smachta bhuiséadaigh agus comhdhlúthú an airgeadais phoiblí i gcomhthéacs deacair socheacnamaíoch (féach míreanna 7 agus 8 thuas), agus i bhfianaise na lánrogha leithne atá aige, bhí reachtóir an Aontais i dteideal a mheas gur cheart caitheamh le hoifigigh a ceapadh tar éis an 1 Bealtaine 2004 nó tar éis an 1 Eanáir 2014 ar bhealach éagsúil leis an gcóir a bheadh acu dá mbeadh a stádas mar bhall foirne shealadacha nó mar bhall foirne ar conradh coinnithe acu ar feadh 10 mbliana ar a laghad.

86 I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chúirt Ghinearálta nach ndéanann oifigigh agus baill foirne eile ach aon trian de mhaoiniú SPIAE, cé go ndéantar íocaíocht pinsean, arna ráthú ag na Ballstáit i dteannta a chéile, a mhuirearú ar bhuiséad an Aontais (Airteagal 83(1) agus (2) de na Rialacháin Foirne). I bhfianaise struchtúr maoinithe den sórt sin de chuid SPIAE, atá bunaithe go príomha ar na hacmhainní arna leithdháileadh ag na Ballstáit ar an Aontas Eorpach, ní féidir leasanna na n-oifigeach a thairbhíonn den scéim speisialta a bunaíodh le hAirteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur san áireamh trí neamhaird iomlán a thabhairt ar an bhfíoras gur cuireadh iallach ar na Stáit sin bearta diana a ghlacadh chun déileáil le héifeachtaí marthanacha géarchéime tromchúisí eacnamaíche agus airgeadais (aithris 13 de Rialachán Uimh. 1023/2013). Thairis sin, ní mór forbairtí eacnamaíocha agus athróga airgeadais a chur san áireamh san fhadtéarma i gcomhardú achtúireach SPIAE (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 13 Nollaig 2017 in *Arango Jaramillo agus páirtithe eile* v *BEI*, T-482/16 RENV, EU:T:2017:901, mír 126 (nár foilsíodh) agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá réir sin, i sochaí arb é is príomhthréith di dlúthpháirtíocht, mar a luaitear in Airteagal 2 CAE (breithiúnas an 25 Feabhra 2025, *Sąd Rejonowy w Białymstoku agus Adoreikė*, C-146/23 agus C-374/23, EU:C:2025:109, mír 71), agus i gcomhthéacs ina bhfuil géarchéim thromchúiseach eacnamaíoch agus airgeadais, bhí reachtóir an Aontais in ann, i measc bearta eile, an córas speisialta sin a bhunú chun a chur in iúl go bhfuil dlúthpháirtíocht ag an tseirbhís shibhialta Eorpach i bhfianaise na n-iarrachtaí a bhí ar na Ballstáit a dhéanamh ar a leibhéal féin.

87 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil ranníocaíochtaí na mball foirne sealadaí agus na mball foirne ar conradh le SPIAE, mar riail ghinearálta, níos ísle ná ranníocaíochtaí na n-oifigeach ar dócha go n-athróidh a mbuntuarastal de réir dul chun cinn grád agus méaduithe céime le linn a ngairm. Ar an bpointe sin, is fíor go n-eagraítear SPIAE ar bhonn phrionsabal na dlúthpháirtíochta agus nach gceaptar é mar ní a chiallaíonn gur contrapháirt bheacht é an pinsean a fhaigheann oifigeach nó ball foirne eile dá ranníocaíochtaí leis an scéim sin (féach breithiúnas an 8 Samhain 2023, *OA* v *an Pharlaimint*, T-39/22, nár foilsíodh, EU:T:2023:709, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá laghad é, bhí reachtóir an Aontais i dteideal a mheas, i bhfeidhmiú a lánrogha leathan agus ag féachaint do phrionsabal na dlúthpháirtíochta lena rialaítear SPIAE, nach féidir le ball foirne a ceapadh mar oifigeach tar éis an 1 Bealtaine 2004 nó tar éis an 1 Eanáir 2014 tairbhe a bhaint as an ráta bliantúil fála cearta pinsin a bhí infheidhme maidir leis le linn a thréimhse seirbhíse mar bhall foirne shealadacha nó den fhoireann ar conradh, ós rud é go dtabharfadh sé sin le tuiscint gur bhain sé tairbhe dhíréireach as an ráta níos airde sin chun méid a phinsin a ríomh a rinneadh ar bhonn an bhuntuarastail deiridh a bhain leis an ngrád inar aicmíodh an t-oifigeach sin sular scoir sé.

88 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is cosúil nach bhfuil an difríocht sa chóir a chuireann an t-iarratasóir ina choinne míchuí go follasach i bhfianaise na gcuspóirí atá á saothrú ag reachtóir an Aontais. Thairis sin, tá an rogha sin ó reachtóir an Aontais comhsheasmhach le prionsabail an

smachta bhuiséadaigh agus na bainistíochta fónta airgeadais (Airteagail 310 agus 317 CFAE) agus leis an bprionsabal maidir le comhardú achtúireach SPIAE a chaomhnú (Airteagal 83a agus Iarscríbhinn XII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne).

89 Níl an difríocht sin sa chóir treallach ach oiread.

90 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt cheana féin go dtugtar isteach le foráil de na Rialacháin Foirne idirdhealú treallach idir oifigigh agus/nó baill foirne eile i gcás ina bhfuil sí bunaithe ar chritéar idirdhealaitheach nach bhfuil aon bhaint aige leis an gcuspóir atá á shaothrú. I gcás den sórt sin, ní féidir breithnithe de chineál beartais atá go hiomlán buiséadach, riaracháin nó de bheartas foirne a bheith ina n-údar oibiachtúil iontu féin leis an difríocht sa chaoi a gcaitear le hoifigigh agus/nó baill foirne eile i gcásanna inchomparáide (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Dumitrescu agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais*, C-567/22 P go C-570/22 P, EU:C:2024:336, míreanna 79 go 81, 93 agus 94).

91 Sa chás seo, contrártha leis an dara fomhír d'Airteagal 8(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, ar chinn an Chúirt Bhreithiúnais a neamhdhleathacht i mbreithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Dumitrescu agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais* (C-567/22 P go C-570/22 P, EU:C:2024:336), níl an difríocht sa chóir a chuireann an t-iarratasóir ina aghaidh bunaithe ar chritéar idirdhealaitheach a thoirmisctear, *inter alia*, le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ach tá sí bunaithe ar na cúiseanna oibiachtúla a leagtar amach i míreanna 78 go 84 den bhreithiúnas seo.

92 De réir cásdlí socair, cé go gceanglaítear le prionsabal na córa comhionainne go ndéanfaí oifigigh agus/nó baill foirne eile i gcásanna comhionanna nó inchomparáide a rialú leis na rialacha céanna, ní chuirtear toirmeasc leis ar reachtóir an Aontais difríochtaí oibiachtúla a chur san áireamh sa riocht nó sa chás ina bhfuil na daoine lena mbaineann (féach breithiúnais an 16 Deireadh Fómhair 1980, *Hochstrass* v *an Chúirt Bhreithiúnais*, 147/79, EU:C:1980:238, mír 7, agus an 3 Bealtaine 2018, *SB* v *EUIPO*, nár foilsíodh, EU:T:2018:244, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

93 Thairis sin, de réir cásdlí socair na Cúirte, ní féidir amhras a chaitheamh ar dhifríochtaí stádais idir na catagóirí éagsúla daoine atá fostaithe ag an Aontas Eorpach agus ní féidir a mheas, dá bhrí sin, ó thaobh ráthaíochtaí faoi na Rialacháin Foirne agus buntáistí slándála sóisialta, go bhféadfadh catagóirí áirithe daoine atá fostaithe ag an Aontas leas a bhaint as ráthaíochtaí nó buntáistí nach ndeonaítear do chatagóirí eile. (féach breithiúnas an 12 Márta 2020, *XB* v *BCE* T-484/18, nár foilsíodh, EU:T:2020:90, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear).

94 Measann an Chúirt Ghinearálta freisin, mar a chuir an Pharlaimint in iúl, nach mbaineann an t-idirdhealú idir oifigigh agus baill foirne eile go sonrach le hAirteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Cé go bhfuil SPIAE féin i gcoiteann ag oifigigh agus ag baill foirne eile, níl sé aonfhoirmeach. Dá bhrí sin, murab ionann agus oifigigh, ceadaítear le hAirteagail 42 agus 112 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile do bhaill foirne shealadacha agus do bhaill foirne ar conradh a iarraidh ar a n-institiúid íocaíochtaí a dhéanamh chun cearta pinsin a bhunú nó a choinneáil ina dtír thionscnaimh. Ar an gcaoi chéanna, ag féachaint d'Airteagal 3(d) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, i gcás ina ndéanfar oifigeach de bhall foirne ar conradh nó i gcás ina dtiocfaidh oifigeach chun bheith ina bhall den fhoireann ar conradh, d'fhéadfadh laghdú sna blianta seirbhíse inphinsin a fuarthas faoin scéim roimhe sin, nó aisíoc ranníocaíochtaí breise a chomhfhreagraíonn don difríocht idir líon na mblianta seirbhíse inphinsin a ríomhadh agus líon na mblianta seirbhíse iarbhír.

95 Cé nach bhfuil an critéar difreála atá faoi chonspóid sa chás seo idirdhealaitheach dá bhrí sin agus go bhfuil sé bunaithe ar chúiseanna oibiachtúla, tugann an Chúirt faoi deara, arís, contrártha leis an méid a cinneadh maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 8(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, nach bhfuil an critéar sin 'neamhghaolmhar' ná 'neamhbhainteach' leis na cuspóirí atá á saothrú. Trí Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a ghlacadh, agus i gcomhréir leis na cuspóirí maidir le comhardú achtúireach SPIAE, smacht buiséadach agus comhdhlúthú an airgeadais phoiblí a chaomhnú, bhí sé beartaithe ag an reachtas gur cheart ráta bliantúil fála cearta pinsin na n-oifigeach lena mbaineann a laghdú, i dtaca lena dtréimhse seirbhíse sa cháil sin amháin, agus síneadh a chur le fad a ngairm díreach toisc go bhfuil an t-ualach buiséadach ar phinsin na n-oifigeach níos troime ná an t-ualach buiséadach ar bhaill foirne (féach míreanna 7, 8 agus 84 thuas).

96 Thairis sin, cé nach gcuireann an Chúirt as an áireamh an fhéidearthacht, i gcásanna sonracha áirithe, go bhféadfadh gairm a bheith ag ball foirne atá cosúil le gairm oifigigh, bíodh sin i dtéarmaí faid, gráid, luach saothair agus dualgas, is amhlaidh fós, mar riail ghinearálta, nach amhlaidh atá. De réir cásdlí socair, cé nach mór staideanna imeallacha a bheith mar thoradh air mar gheall ar an míchaoithiúlacht a bhaineann le tabhairt isteach rialacha ginearálta agus teibí, ní féidir reachtóir an Aontais a cháineadh as dul i muinín catagóirithe, ós rud é nach bhfuil sé idirdhealaitheach go bunúsach i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú aige (breithiúnais an 16 Deireadh Fómhair 1980, *Hochstrass* v *an Chúirt Bhreithiúnais*, 147/79, EU:C:1980:238, mír 14, agus an 15 Aibreán 2010, *Gualtieri* v *an Coimisiún*, C-485/08 P, EU:C:2010:188, mír 81).

97 Dá bhrí sin, i bhfad ó bheith treallach, tá an difríocht sa chóir a chuireann an t-iarratasóir ina choinne bunaithe ar chritéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach agus, thairis sin, tá údar leis mar gheall ar na cuspóirí maidir le comhardú achtúireach SPIAE, smacht buiséadach agus comhdhlúthú an airgeadais phoiblí a chaomhnú.

98 Thairis sin, i gcás nach bhfuil critéar na difreála idirdhealaitheach ná nach bhfuil baint aige leis na cuspóirí atá á saothrú, mar atá sa chás seo, ghlac an Chúirt leis cheana féin, go bunúsach, go bhféadfadh cuspóirí an smachta bhuiséadaigh agus comhdhlúthú an airgeadais phoiblí údar a thabhairt le bearta sriantacha buiséadacha a dhéanann difear do oifigigh agus/nó do bhaill foirne, go háirithe trína mbuntáistí a laghdú (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Dumitrescu agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais*, C-567/22 P go C-570/22 P, EU:C:2024:336, mír 81; féach freisin, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 25 Feabhra 2025, *Sąd Rejonowy w Białymstoku agus Adoreikė*, C-146/23 agus C-374/23, EU:C:2025:109, míreanna 67, 69 agus 71).

99 Thairis sin, ní féidir aon idirdhealú treallach nó idirdhealú follasach míchuí a thuiscint ó fhorálacha Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne i ndáil leis an gcuspóir atá á shaothrú ag reachtóir an Aontais maidir le cearta faighte agus ionchais dhlisteanacha na n-oifigeach lena mbaineann a choimirciú, ós rud é, amhail na baill foirne eile a bhí ag feidhmiú an 1 Bealtaine 2004 nó an 1 Eanáir 2014, go n-urramaítear a gcearta faighte agus a n-ionchais dhlisteanacha.

100 Tá a gcearta pinsin, a fuarthas le linn a dtréimhse seirbhíse mar bhall foirne, fós á gcaomhnú. Thairis sin, agus go loighciúil, sular ceapadh iad, ní raibh cearta pinsin faighte acu go fóill mar bhaill foirne. Is óna gceapachán amháin a fuair na hoifigigh lena mbaineann cearta pinsin sa cháil sin.

101 Thairis sin, nuair a bhí siad fós fostaithe mar bhaill foirne, ní raibh aon dearbhú beacht agus neamhchoinníollach faighte acu go bhfanfadh an ráta bliantúil chun a gcearta pinsin a fháil agus a n-aois scoir gan athrú dá roghnódh siad a bheith ina n-oifigeach.

102 Cé is moite den fhíoras, mar is amhlaidh i gcás na mball foirne eile a bhí i mbun seirbhíse an 1 Bealtaine 2004 nó an 1 Eanáir 2014, go n-urramaítear a gcearta faighte agus a n-ionchais dhlisteanacha, cinneann an Chúirt Ghinearálta freisin, faoi Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, go bhfuil an méadú ar aois scoir na n-oifigeach lena mbaineann le cúiteamh airgeadais trí choigeartú achtúireach ar na cearta pinsin a fuair siad nuair a bhí siad ina mbaill foirne. Sa chleachtas, cuirtear comhéifeacht idir 1 agus 1,178, ag brath ar staid phearsanta gach oifigigh lena mbaineann, i bhfeidhm maidir lena gcearta pinsin a fhaightear mar bhaill foirne (féach mír 17 thuas), mar a bhí i gcás an iarratasóra (féach mír 34 thuas). Dá bhrí sin, i ndáiríre, i bhfad ó neamhaird a dhéanamh orthu, coinnítear na cearta sin arna bhfáil (comhéifeacht atá cothrom le 1) nó fiú méadaítear iad (comhéifeacht níos mó ná 1) tríd an gcomhéifeacht sin a chur i bhfeidhm.

103 In aon chás, measann an Chúirt Ghinearálta, sular ceapadh í mar oifigeach, nach raibh aon chinnteacht ag an iarratasóir go bhféadfadh sí pinsean scoir a fháil, ós rud é, ar an dáta sin agus contrártha do cheanglais na chéad mhíre d'Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne, nach raibh seirbhís 10 mbliana aici leis an Aontas Eorpach go fóill.

104 Ar deireadh, ní bhaineann sé le hábhar, a chuir an t-iarratasóir ar aghaidh, gur bhain an Pharlaimint úsáid, ar feadh níos mó ná 5 bliana, as an léiriú céanna a mholann sí in Airteagal 21, Airteagal 22(1) agus Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne ar mhaithe le baill foirne eile a tháinig chun bheith ina n-oifigigh. Thairis sin, is cásdlí socair é freisin nach mór prionsabal na córa comhionainne a réiteach le hurraim don dlíthiúlacht, ar dá réir nach bhféadfaidh aon duine, mar thaca lena éileamh, brath ar ghníomh neamhdhleathach a rinneadh i bhfabhar duine eile (féach breithiúnas an 16 Deireadh Fómhair 2019, *Palo* v *an Coimisiún* T-432/18, EU:T:2019:749, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

105 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad chuid den dara sáincheist dlí.

*An dara cuid den dara sáincheist dlí*

106 Áitíonn an t-iarratasóir go sáraítear le hAirteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne prionsabal na córa comhionainne trí dhéileáil ar an mbealach céanna leis na baill foirne uile a ndearnadh oifigigh dóibh tar éis an 1 Bealtaine 2004 nó tar éis an 1 Eanáir 2014, gan aon bhriseadh féideartha ar a gcleamhnas le SPIAE a chur san áireamh sula gceapfar iad. Ní féidir déileáil le staid an iarratasóra ar an mbealach céanna le cás baill foirne a raibh briseadh ina gcleamhnas le SPIAE agus a ceapadh ina dhiaidh sin mar oifigeach. Ó thaobh an iarratasóra de, níor scoir sí riamh de bheith ina ball de SPIAE.

107 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ón bParlaimint agus ón gComhairle, an argóint sin a dhíospóid.

108 I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chúirt nach gceanglaítear le prionsabal na córa comhionainne go mbeadh na cásanna díreach mar an gcéanna chun an chóir chéanna a chur i bhfeidhm. Ní mór na cásanna sin amháin a bheith inchomparáide (breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2020, *Coppo Gavazzi agus páirtithe eile* v *an Pharlaimint*, T-389/19 go T-394/19, T-397/19, T-398/19, T-403/19, T-404/19, T-406/19, T-407/19, T-409/19 go T-414/19, T-416/19 go T-418/19,

T-420/19 go T-422/19, T-425/19 go T-427/19, T-429/19 go T-432/19, T-435/19, T-436/19, T-438/19 go T-442/19, T-444/19 go T-446/19, T-448/19, T-450/19 go T-454/19, T-463/19 agus T-465/19, EU:T:2020:494, mír 257).

109 Ag féachaint do chuspóir Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus do na cuspóirí atá á saothrú ag reachtóir an Aontais, ní mór a mheas go bhfuil na hoifigigh uile lena mbaineann i staid inchomparáide, ós rud é gur bhaill foirne iad go léir roimhe sin agus gur ceapadh iad go léir tar éis an 1 Bealtaine 2004 nó tar éis an 1 Eanáir 2014.

110 Os a choinne sin, agus inchomparáideacht a gcásanna faoi seach á scrúdú, níl aon tábhacht leis an gceist an mbriseadh cleamhnas na hoifigigh sin le SPIAE sular ceapadh iad. Baineann an fíoras sin lena dtréimhse seirbhíse mar bhall foirne, ach braitheann cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne ar a gceapachán mar oifigigh. Dá bhrí sin, ar a mhéad, ciallaíonn an fíoras sin, i gcleachtas, go mbeidh níos lú blianta seirbhíse inphinsin a bhaineann lena thréimhse seirbhíse mar bhall foirne amháin taifeadta ag oifigeach a raibh briseadh ina gcleamhnas le SPIAE agus, dá réir sin, ar cuireadh isteach ar íocaíocht a ranníocaíochtaí le SPIAE, ná mar a bheadh mura raibh briseadh den sórt sin aige.

111 Thairis sin, maidir le cosaint a gceart faighte, tá baill foirne a thagann chun bheith ina n-oifigigh tar éis briseadh ina gcleamhnas le SPIAE agus baill foirne a tháinig chun bheith ina n-oifigigh gan cur isteach ar an gcleamhnas sin i gcás inchomparáide. Go deimhin, sa dá chás, rinne na baill foirne sin ranníocaíochtaí le SPIAE d'fhonn aois scoir níos ísle a bhaint amach ná an aois scoir ab infheidhme ar deireadh maidir leo. Dá bhrí sin, is den chineál céanna iad na cearta atá faighte acu agus ní hionann iad ach i líon na mblianta seirbhíse inphinsin a bheidh faighte ag gach ceann acu. Dá réir sin, ní mór do bhaill foirne a tháinig chun bheith ina n-oifigigh a bheith in ann tairbhe a bhaint as coigeartú achtúireach gan beann ar cé acu a mbeidh briseadh lena gcleamhnas le SPIAE sular ceapadh iad mar oifigeach nó nár cuireadh.

112 Ar an gcaoi chéanna, a mhéid a bhaineann lena n-ionchais dhlisteanacha, tá baill foirne a thagann chun bheith ina n-oifigigh tar éis briseadh ina gcleamhnas le SPIAE agus baill foirne a tháinig chun bheith ina n-oifigigh gan briseadh ina gcleamhnas leis an scéim sin i gcás inchomparáide. Ós rud é go ndearnadh oifigigh díobh tar éis an 1 Bealtaine 2004 nó tar éis an 1 Eanáir 2014, ní fhéadfadh siad a bheith ag súil go dlisteanach go gcuirfí Airteagal 21 agus Airteagal 22(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne i bhfeidhm díreach tar éis a gceaptha, cé go bhfuil bearta idirthréimhseacha sa dá Airteagal sin arb é is aidhm dóibh cearta faighte agus ionchais dhlisteanacha a bhí ann roimh theacht i bhfeidhm athchóiriú 2004 nó 2014 a chosaint.

113 In aon chás, mar a míníodh cheana féin i gcomhthéacs an scrúdaithe ar an gcéad saincheist dlí, ní hé cleamhnas leanúnach in SPIAE an t-aon chritéar chun a chinneadh cé hé tairbhí na bhforálacha idirthréimhseacha éagsúla a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne (féach míreanna 63 agus 64 thuas).

114 Dá bhrí sin, ní sháraíonn an chóir chomhionann a chuireann an t-iarratasóir ina choinne prionsabal na córa comhionainne, ós rud é go bhfuil feidhm aige maidir le catagóirí daoine i gcás inchomparáide.

115 Sna himthosca sin, ní mór diúltú don dara cuid den dara saincheist dlí.

116 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dara saincheist dlí agus, dá bhrí sin, ní mór an chaingean a dhíbhe ina hiomláine.

**Costais**

117 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ordaítear don pháirtí nár éirigh leis na costais a íoc má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí ar éirigh leis. Ós rud é nár éirigh leis an iarratasóir, ní mór a ordú di na costais a íoc, i gcomhréir leis an ordú arna lorg ag an gCoimisiún.

118 Faoi Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, íocfaidh na hinstitiúidí a rinne idiragairt sna himeachtaí a gcostais féin. Ordaítear leis sin go n-íocfaidh an Pharlaimint agus an Chomhairle araon a gcostais féin.

Ar na forais sin,

rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Cúigiú Dlísheomra)

mar seo a leanas:

1. **Déantar an chaingean a dhíbhe.**

2. **Ordaítear do CR a costais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.**

3. **Ordaítear don Pharlaimint agus don Chomhairle a gcostais féin a íoc.**

Svenningsen Mac Eochaidh Laitenberger

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg, an 2 Iúil 2025.

Sínithe